# Scagthástáil le haghaidh ainéaras aortach boilg (AAB)



## Rudaí ar chóir duit bheith ar an eolas faoi

HSC Public Health Agency

AAA Screening

Scanadh gasta, saor in aisce agus gan phian d'fhir atá 65 bliain d'aois agus níos sine

## Cé dó a bhfuil an bhileog seo?

Tá an bhileog seo dírithe ar gach fear atá 65 bliain d'aois agus níos sine a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann. Cuirtear eolas ar fáil inti ar scagthástáil le haghaidh ainéaras aortach boilg (ar a dtugtar scagthástáil le haghaidh AAB fosta). Is scanadh ultrafhuaime gasta, simplí, gan phian é an scagthástáil AAB a chuirtear ar fáil saor in aisce.

## Cad atá i gceist leis an bhileog seo?

Sa bhileog seo, gheobhaidh tú eolas ar:

- cad is AAB ann
- cad a tharlaíonn nuair a théann tú le haghaidh scagthástáil AAB
- cad iad na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann
- cad a tharlóidh ina dhiaidh sin

Ba chóir go gcuideoidh sé leat cinneadh a dhéanamh más mian leat a bheith páirteach sa scagthástáil.

## Cé ba chóir a bheith páirteach sa scagthástáil?

Tá muid ag tabhairt cuireadh do gach fear ina 65ú bliain páirt a ghlacadh sa chlár scagthástála AAB toisc go bhfuil an riocht níos coitianta i measc fir atá 65 bliain d'aois agus níos sine. Is féidir le fear ar bith atá níos sine ná 65 bliain d'aois nach ndearnadh scagthástáil orthu roimhe seo coinne scagthástála a iarraidh trí theagmháil a dhéanamh le hoifig an chláir scagthástála ar 028 9615 1212.


*David, Baile Nua na hArda*

***Chonaic mé póstaer sa roinn x-ghathaithe nuair a thug mé mo bhean chéile chuig an otharlann. Shíl mé gur smaoineamh maith a bhí ann mar sin de ghlaoigh mé chun coinne a fháil. Bhí áthas orm go bhfuair mé coinne gasta agus cé chomh héifeachtach is a bhí sé. Tógadh in am mé do mo scanadh, a bhí iontach gasta, agus bhí mé an-sásta an toradh a bheith agam láithreach.***

## Cad is AAB ann?

Is é an t-aorta an príomhartaire a sholáthraíonn fuil do do chorp. Téann an t-aorta ó do chroí síos trí do chliabhrach agus bolg.

De réir mar a éiríonn roinnt daoine níos sine, is féidir le balla an aorta sa bholg éirí lag agus líonadh chun ainéaras a dhéanamh, giota cosúil le boilsc i seanbhonn cairr. Tugtar ainéaras aortach boilg (AAB) air seo.




Léaráid le caoinchead Chlár Scagthástála AAB NHS Shasana

**Má tá AAB ort, de ghnáth ní thabharfaidh tú aon siomptóm faoi deara. Ciallaíonn sé seo nach féidir leat a rá má tá ceann agat, mar ní mhothóidh tú aon phian nó ní thabharfaidh tú aon rud difriúil faoi deara. B'fhéidir go mothóidh tú go hiomlán sláintiúil.**

## An bhfuil AAB tromchúiseach?

De ghnáth bíonn an t-aorta níos lú ná 30 mm ar leithead. Má tá do aorta idir 30-44 mm ar leithead, tá AAB beag ort. Níl sé seo tromchúiseach, ach tá sé tábhachtach go ndéantar monatóireacht ar an ainéaras chun a fháil amach an bhfásfaidh sé.

Má tá do aorta idir 45-54 mm ar leithead, tá AAB meánach agat. D'fhéadfadh sé seo a bheith tromchúiseach má leanann sé ar aghaidh ag fás, mar sin arís tá sé tábhachtach go ndéantar monatóireacht ar an ainéaras. Fásann an chuid is mó de na hainéarais go han-mhall, mar sin ní bhfaighidh go leor fear a bhfuil AAB beag nó AAB meánach orthu, AAB mór.

Má tá do aorta 55 mm ar leithead nó níos leithne, tá AAB mór ort. **Tá AABanna móra annamh ach is féidir leo a bheith an-tromchúiseach.** De réir mar a shíneann balla an aorta, éiríonn sé níos laige agus is féidir leis pléascadh. Bíonn fuiliú inmheánach tromchúiseach mar thoradh ar ainéaras pléasctha, rud a bhíonn marfach in 8 as 10 de na cásanna.

## Cé chomh coitianta is atá an riocht?

Tá AAB ar thart ar fhear amháin as 80 a ndéantar scagthástáil orthu i dTuaisceart Éireann ag aois 65. Tá baol níos mó ann d'fhir níos sine ná 65 bliain d'aois nach ndearna scagthástáil orthu.

### Cé is mó atá i mbaol?

Tá sé sé huaire níos dóchúla AAB a bheith ar fhear ná ar bhean, agus sin an fáth nach gcuirtear scagthástáil ar fáil do mhná. Braitheann an baol go bhfaighfeá AAB ar d'aois agus ar do ghéinte. Méadaíonn an baol go mbeadh AAB ort má tá, nó má bhí, ainéaras aortach boilg ag do dhearthair, do dheirfiúr nó do thuismitheoir.

Is iad na fachtóirí eile ar eol dóibh riosca agus méid AABanna a mhéadú ná:

- caitheamh tobac
- colaistéaról ard
- brú fola ard

**Mar sin féin, is féidir le AABanna tarlú i bhfear nach mbaineann ceann ar bith de na catagóirí thuas leis.**

## An bhfuil aon bhealach ann chun AAB a chosc?

Tá taighde ar siúl faoi láthair ach níl aon bhealach ar eolas go fóill chun AAB a chosc. Is í stíl mhaireachtála níos sláintiúla an bealach is fearr chun baol AAB a laghdú ach ní chuireann sé deireadh leis an fhéidearthacht go hiomlán go dtiocfaidh AAB ort.

## Cén fáth a bhfuil an scagthástáil tábhachtach?

**Sábhálann scagthástáil AAB beatha daoine trí ainéarais mhóra a aimsiú sula bpléascann siad. Is é an scagthástáil an bealach is éifeachtaí chun aimsiú an bhfuil AAB ort mar is dócha nach mbeidh aon siomptóim ort agus nach mothóidh tú aon phian.**

Is éard atá i gceist le scagthástáil AAB ná scanadh ultrafhuaime simplí gan phian ar do bholg. Ar an bhealach seo, is féidir linn ainéarais a aimsiú go luath agus monatóireacht nó cóireáil a dhéanamh orthu. Laghdaíonn sé seo go mór an seans go bpléascfaidh ainéaras agus go gcothóidh sé fadhbanna tromchúiseacha.

## Cad is scanadh ultrafhuaime ann?

Is tástáil shábháilte, gan phian agus iontaofa é scanadh ultrafhuaime. Tá sé iontach gasta, de ghnáth maireann sé thart ar 10 nóiméad. Úsáidtear an teicníc chéanna chun scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt linbh le linn toirchis.

## Cé chomh hiontaofa is atá an scanadh ultrafhuaime?

Tá an scanadh a úsáidtear chun AABanna a aimsiú an-iontaofa. Ní féidir le tástáil scagthástála ar bith a bheith go hiomlán éifeachtach ach is annamh a thagann ainéaras mór ar fhear mura bhfaightear aon ainéaras trí scagthátáil. Uaireanta ní bheidh an duine a dhéanann an scanadh in ann an t-aorta a fheiceáil go soiléir. Ní haon údar imní é seo agus iarrfaidh siad ort scanadh eile a bheith agat, ar lá eile de ghnáth.

## An bhfuil aon bhaol ann ó scagthástáil?

Níl aon rioscaí ón scanadh ultrafhuaime a úsáidtear sa scagthástáil. Mar sin féin, d'fhéadfadh cóireáil a bheith de dhíth ar ainéarais mhóra a aimsítear trí scagthástáil. Sula ndéanfar aon chóireáil a mheas, pléifear na rioscaí agus na sochair.

*William, Baile Nua na hArda*

***Bhí mé neirbhíseach faoi theacht don scanadh mar ní fhreastalaím ar an dochtúir teaghlaigh. Spreag mo mhuintir mé le teacht agus tá áthas orm go ndeachaigh mé. Tá áthas agus faoiseamh orm anois go bhfuil an scanadh déanta agam.***

## Cad a tharlóidh ag an choinne scagthástála?

Nuair a shroicheann tú do chlinic scagthástála áitiúil, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- do shonraí pearsanta a sheiceáil
- míniú a thabhairt ar cad a tharlóidh le linn an scanta
- do thoiliú a fháil
- deis a thabhairt duit aon cheisteanna a chur.

Maidir leis an scanadh, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- iarraidh ort luí síos agus do léine a ardú nó a oscailt – ní bheidh ort do chuid éadaí a bhaint
- glóthach fionnuar a chur ar do bholg
- scanóir beag a bhogadh thar chraiceann do bholg
- amharc ar an íomhá de d'aorta ar scáileán agus tomhais a dhéanamh.

I ndiaidh an scanta déanfaimid na nithe seo a leanas:

- an toradh a insint duit láithreach bonn
- do dhochtúir teaghlaigh a chur ar an eolas faoi do thoradh
- tuilleadh eolais agus tacaíochta a chur ar fáil de réir mar is gá.



## Tá ceithre thoradh fhéideartha ann

### Níor aimsíodh aon ainéaras

Ciallaíonn sé seo **nach bhfuil AAB ort.** Ní gá monatóireacht ar bith a dhéanamh ina dhiaidh agus **ní thabharfar cuireadh duit páirt a ghlacadh sa scagthástáil arís** mar nach bhfuil mórán seans ann go dtiocfaidh ainéaras ort a mbeidh obráid de dhíth air níos faide ar aghaidh sa tsaol. Cuirfear toradh do scanadh ar aghaidh chuig do dhochtúir teaghlaigh. **Ní aimseofar ainéaras ar níos mó ná 98% de na fir.**

### AAB beag

Bíonn AAB beag ar thart ar fhear amháin as 80 a ndéantar scagthátáil orthu. Fásann an chuid is mó de na hainéarais go han-mhall, mar sin de ní bhfaighidh go leor fear a bhfuil AAB beag orthu AAB meánach nó mór.

#### Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

- Gheobhaidh tú bileog eolais ina n-inseofar duit cad é an ciall atá le toradh do scanta.
- Déanfaidh altraspeisialtóir soithíoch teagmháil leat laistigh de dhá lá oibre.
- Gheobhaidh tú litir ar a bhfuil toradh do scanta agus cuirfear cóip chuig do dhochtúir teaghlaigh.
- B'fhéidir go mbeidh do dhochtúir teaghlaigh ag iarraidh piollaí a thabhairt duit, monatóireacht a dhéanamh ar do bhrú fola agus comhairle a chur ar fáil duit maidir le stíl mhaireachtála níos sláintiúla.
- I ndiaidh duit toradh AAB a fháil, eagraigh cuairt ar do dhochtúir teaghlaigh chun d'airde, do mheáchan agus do bhrú fola a sheiceáil.
- Tá sé tábhachtach méid d'ainéarais a sheiceáil go rialta agus b'fhéidir go mbeidh gá ann le scagthástáil níos minice má éiríonn sé níos mó.
- Tabharfaimid cuireadh duit scanadh ultrafhuaime a dhéanamh **gach bliain** chun monatóireacht a dhéanamh ar fhás do ainéarais.

## AAB meánach

Bíonn AAB meánach ar thart ar fhear amháin as gach 500 a ndéantar scagthástáil orthu. Fásann an chuid is mó de na hainéarais go han-mhall agus mar sin de ní bhfaighidh roinnt fear a bhfuil AAB meánach orthu, AAB mór.

### Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

- Gheobhaidh tú bileog eolais ina n-inseofar duit cad é an ciall atá le toradh do scanta.
- Déanfaidh altraspeisialtóir soithíoch teagmháil leat laistigh de dhá lá oibre.
- Gheobhaidh tú litir ar a bhfuil toradh do scanta agus cuirfear cóip chuig do dhochtúir teaghlaigh.
- B'fhéidir go mbeidh do dhochtúir teaghlaigh ag iarraidh piollaí a thabhairt duit, monatóireacht a dhéanamh ar do bhrú fola agus comhairle a chur ar fáil duit maidir le stíl mhaireachtála níos sláintiúla.
- I ndiaidh duit toradh AAB a fháil, eagraigh cuairt ar do dhochtúir teaghlaigh chun d'airde, do mheáchan agus do bhrú fola a sheiceáil.
- Tá sé tábhachtach méid d'ainéarais a sheiceáil go rialta agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le measúnú le haghaidh máinliachta má éiríonn sé níos mó.
- Tabharfaimid cuireadh duit scanadh ultrafhuaime a dhéanamh **gach trí mhí** chun monatóireacht a dhéanamh ar fhás d'ainéarais.

*Ken, Béal Feirste*

***Nuair a fuair siad amach go raibh ainéaras beag agam, dúirt siad liom gan a bheith buartha ach go dteastódh tástáil uaim gach 12 mhí. Chuir siad mé ar mo shuaimhneas. Choinnigh na daoine ábhartha go maith ar an eolas mé agus níl aon imní orm faoi.***

## AAB mór

Tá AAA mór ag thart ar fhear amháin as 1000 a ndéantar scagthástáil orthu.

### Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

- Gheobhaidh tú bileog eolais ina n-inseofar duit cad é an ciall atá le toradh do scanta.
- Déanfaidh altraspeisialtóir soithíoch teagmháil leat laistigh de lá oibre amháin.
- Cuirfimid tú ar aghaidh chuig foireann speisialtóirí (foireann shoithíoch otharlainne) a bhfuil saineolas acu ar ainéarais.
- Déanfaidh na speisialtóirí roinnt tástálacha, cuirfidh siad eolas mionsonraithe ar fáil agus pléifidh siad d'oiriúnacht le haghaidh máinliachta. Ní bheidh obráid ag gach duine a bhfuil ainéaras mór aige.
- Gheobhaidh tú litir ar a bhfuil toradh do scanta agus cuirfear cóip chuig do dhochtúir teaghlaigh.
- **I rith na tréimhse agus an AAB mór gan chóireáil, is féidir go mbeidh ort stad a chur leis an tiomáint agus ba chóir duit árachas a bhaineann le sláinte a sheiceáil, amhail árachas taistil.** Cuirfidh d'altraspeisialtóir soithíoch comhairle ort faoi seo.

**Má tá diagnóis de AAB mór faighte agat agus má tá aon imní láithreach ort, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifig an Chláir Scagthástála ar 028 9615 1212 sula ndéanann altraspeisialtóir teagmháil leat. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir teaghlaigh fosta.**



## Cad iad na rioscaí ó AAB?

Ní phléascfaidh gach ainéaras, ach má phléascann, níl ach seans beag ann do dhaoine otharlann a bhaint amach agus teacht slán as an mháinliacht. Bíonn fuiliú inmheánach tromchúiseach ann mar thoradh ar AAB a phléascann, rud atá marfach in 8 as 10 gcás.

Má dhéantar scagthástáil ort agus má aimsítear go bhfuil AAB mór ort, déanfar measúnú ort maidir le d'oiriúnacht le haghaidh máinliachta chun é a dheisiú. Bíonn rioscaí suntasacha ag baint le máinliacht AAB, mar a bhíonn le haon obráid mhór, ach bíonn an dóchúlacht go dtiocfaidh biseach ort i bhfad níos mó le máinliacht ná má dhéantar neamhaird ar an riocht agus pléascann an t-ainéaras níos faide ar aghaidh. Pléifidh an fhoireann speisialtóirí na rioscaí níos doimhne leat. Ar an mheán, tagann 98% d'fhir slán ón obráid.

Ní bhaineann scagthástáil an baol go hiomlán go bpléascfadh ainéaras ach is é an bealach is fearr le tú féin a chosaint.

## An aimseoidh scagthástáil AAB fadhbanna eile?

Ní aimseoidh. Tá scagthástáil AAB ann díreach chun a fháil amach an bhfuil ainéaras aortach boilg ort. Ní aimsíonn sé fadhbanna sláinte eile.

Má tá imní ort faoi do shláinte, ba chóir duit labhairt le do dhochtúir teaghlaigh.

## Conas a úsáidfear m'fhaisnéis scagthástála AAB?

Coinneoidh clár scagthástála AAB i dTuaisceart Éireann taifead de d'fhaisnéis scagthástála phearsanta lena n-áirítear torthaí tástála agus íomhánna scanta. Féadfaidh baill foirne atá ag obair don chlár do thaifid a fheiceáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Coinneofar aon fhaisnéis a bhaineann leat faoi rún daingean.

Úsáidfear an t-eolas chun monatóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht an chláir agus ar shaineolas na foirne scagthástála. Is cuid thábhachtach é seo d'aon chlár scagthástála. Is féidir é a úsáid fosta chun críocha iniúchta, taighde, oideachais agus oiliúna laistigh de Chúram Sláinte agus Sóisialta. Má tharlaíonn sé seo, bainfear do shonraí aitheantais pearsanta.

## Cad iad na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann le scagthástáil?

Fútsa atá sé cinneadh a dhéanamh más mian leat a bheith páirteach sa scagthástáil le haghaidh AAA. Is léir go bhfuil buntáistí ag baint le scagthástáil, ach ba cheart duit smaoineamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann freisin.

**Buntáistí:**

- Tá an scanadh ultrafhuaime a úsáidtear i scagthástáil AAB gasta, gan phian agus is próiseas simplí é.
- Is minic nach mbeidh mórán siomptóm ná siomptóm ar bith ann mar gheall ar AAB, ach má fhágtar é le fás, d'fhéadfadh sé pléascadh agus d'fhéadfadh fuiliú taobh istigh de do bholg tú a chur i mbaol do bháis. Faigheann thart ar ochtar as gach deichniúr a bhfuil AAB pléasctha acu bás sula dtéann siad chuig an otharlann nó ní thagann siad slán ó mháinliacht éigeandála chun é a dheisiú. Cuirimid scagthástáil ar fáil ionas gur féidir linn ainéarais a aimsiú go luath agus monatóireacht a dhéanamh orthu nó iad a chóireáil.
- Laghdaíonn scagthástáil AAB an baol go bhfaighidh duine bás ó ainéaras pléasctha.
- Éiríonn go mion minic le máinliacht AAB phleanáilte (amhail AABanna a aimsítear trí scagthástáil).

**Rioscaí:**

Níl aon bhaol ann ón tástáil scagthástála féin, ach tá baol ann go mbeidh:

- imní ort ó chluinstin go bhfuil riocht ort a d'fhéadfadh tú a chur i mbaol do bháis;
- aimhréidheanna tromchúiseacha ann a bhaineann le máinliacht a dhéantar chun cóireáil a chur ar AAB.

### Cinneadh a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa scagthástáil

D'fhéadfadh sé a bheith cuidiúil an t-eolas seo a leanas a mheas sula ndéanann tú cinneadh ar mhaith leat páirt a ghlacadh i scagthástáil AAB:

- D'fhéadfadh scagthástáil AAB AAB a aimsiú nach bpléascfadh ná nach ndéanfadh aon dochar má fhágtar gan chóireáil é. Mar sin féin, ní féidir a aithint cé acu ainéaras a phléascfaidh pléasctha le linn saol duine agus cé acu nach bpléascfaidh.
- I rith na tréimhse agus an AAB mór gan chóireáil, is féidir go mbeidh ort stad a chur leis an tiomáint agus ba chóir duit árachas a bhaineann le sláinte a sheiceáil, amhail árachas taistil.
- Ní bhaineann scagthástáil an baol go hiomlán go bpléascfadh ainéaras ach is é an bealach is fearr le tú féin a chosaint.

## Rogha a dhéanamh gan a bheith páirteach sa scagthástáil

Is rogha phearsanta í páirt a ghlacadh sa scagthástáil. Gabh i dteagmháil le hoifig chlár scagthástála an AAB ar **028 9615 1212** más mian leat an rogha gan a bheith páirteach sa chlár scagthástála a phlé.

## Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Le haghaidh tuilleadh eolais nó chun an bhileog seo a fháil i dteanga nó i bhformáid eile:

- glaoigh ar oifig chlár scagthástála AAB ar **028 9615 1212**
- tabhair cuairt ar na láithreáin gréasáin: **nidirect.gov.uk/aaa** nó **www.publichealth.hscni.net**
- déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh.

Is féidir leat eolas agus tacaíocht a fháil fosta ón Circulation Foundation, carthanacht sa Ríocht Aontaithe do dhaoine a bhfuil galair shoithíocha orthu. Tabhair cuairt ar a láithreán gréasáin ag: **www.circulationfoundation.org.uk**

HSC Public Health Agency

Abdominal Aortic Aneurysm Screening


**Public Health Agency**
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Teileafón: 0300 555 0114 (ráta áitiúil).
www.publichealth.hscni.net


Faigh sinn ar:

Irish 05/23